Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11800/23**

**FIN 783**
**INST 273**
**PE-L 25**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh 1-DEC/2023 laistigh de Roinn IV - Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh - de bhuiséad ginearálta 2023 |

1. An 7 Iúil 2023, chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. 1-DEC/2023, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

   Is é is cuspóir don togra seo méid iomlán dar luach EUR 0.8 milliún a aistriú ó Airteagal 1 0 2 (*liúntais idirthréimhseacha*) go Mír 2 0 2 4 (*tomhaltas fuinnimh*).

2. Molann an Chúirt Bhreithiúnais an líne bhuiséid sin a threisiú chun easnamh buiséid a bhfuil coinne leis a mhaoiniú, i bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh ar na praghsanna leictreachais agus téimh i gcomparáid leis na réamhaisnéisí ar a bunaíodh dréachtbhuiséad 2023.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo i leith aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 11 Iúil 2023.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, d'aontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

– an t-aistriú leithreasuithe atá beartaithe;

– an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

cóip : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A dhuine uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. 1-DEC/2023 laistigh de Roinn IV – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – de bhuiséad ginearálta 2023.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).